

An Chomhairle
Mhúinteoireachta



The Teaching Council

Lámhleabhar Clárúcháin 2023/2024

- Eolas faoin gComhairle
- Coinníollacha clárúcháin
- Athnuachán ar chlárúchán
- Caighdeáin ghairmiúla
- Do shonraí teagmhála a nuashonrú

Ábhar

Fáilte	3
Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus ó Stiúrthóir na Comhairle	4
Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta	5
Téarmaíocht	5
Clárú faoi réir coinníollacha	5
Coinníollacha cleachtais ghairmiúil iarcháilíochta - Droichead	6
Coinníollacha clárúcháin eile	8
Riachtanas na Gaeilge (ILR) (Bunscoil)	8
Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (H&S) (Iar-bhunoideachas)	8
Bealach 5 - Múinteoirí faoi oiliúint	9
Achomharc a dhéanamh ar choinníoll clárúcháin	10
Dátaí éaga ar choinníollacha	10
Iarratas ar shíneadh a chur le tréimhse chlárúcháin choinníollaigh	10
Cliseadh ar choinníoll clárúcháin a chomhlíonadh	10
Athiontráil isteach sa Chlár	11
Rochtain a fháil ar mo shonraí clárúcháin	11
Rochtain phoiblí ar an gClár	11
Grinnfhiosrúchán	12
Treoir do Mhúinteoirí Cláráithe faoi úsáid na Meán Sóisialta agus na Cumarsáide Leictreonaí	12
Caighdeáin ghairmiúla	12
Gearáin i gcoinne múinteoirí cláráithe a imscrúdú (feidhmiúlacht chun múineadh)	12
Athnuachan bhliantúil ar chlárú	13
Faoiseamh ó cháin ioncaim	13
Conas tabhairt faoi athnuachan	13
Tábhachtach — do shonraí teagmhála a choinneáil cothrom le dáta	13
FÉILTE 2023	14
Bileog EBSCO	15
Ag coinneáil i dteagmháil	16
Déan teagmháil linn	16
Aguisín 1- Droichead: Treoir mheartosaithe	17
Aguisín 2 - Dul chun cinn i bhforbairt rialacháin faoi threoir ghairmiúil	19

Fáilte

Tugtar sonraí tábhachtacha sa lámhleabhar seo maidir le ról agus feidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta, agus maidir le clárú a choinneáil leis an gComhairle.

Is ionann clárú agus marc aitheantais ghairmiúil mar mhúinteoir. Cinntíonn sé go gcoinnítear caighdeáin iontrála sa ghairm.

Deonaítear clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta nuair a chomhlíonann múinteoir riachtanais na Comhairle maidir le cáilíochtaí agus fianaise ar cháil.

Ní mór do mhúinteoirí cláraithe cloí leis na caighdeáin atá leagtha síos ag an gComhairle, lena n-áirítear an **Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí**.

Is riachtanas é clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta do mhúinteoirí chun go n-íofar é/í ó chistí poiblí (Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001; Ciorclán 0025/2013 ón Roinn Oideachais agus Scileanna).





Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus ó Stiúrthóir na Comhairle

mhúinteoir cláraithe, a chara. Comhghairdeas leat ar do chlárúchán mar mhúinteoir! Comhghairdeas ó chroí leat as do chlárúchán mar mhúinteoir. Tá tú anois i do bhall de cheann de na gairmeacha is tábhachtaí I sochaí na hÉireann. Is ionann bheith i do mhúinteoir cláraithe agus tús a chur le céim nua i d'aistear trí chontanam an oideachais múinteoirí. Creidimid sa Chomhairle Mhúinteoireachta go mbíonn tionchar ag an múinteoireacht ar shaol gach duine sa tír seo ar bhealach nach mbíonn ag aon ghairm eile. Tá ionchur domhain ag gairm na múinteoireachta ar shaol sibhialta agus sóisialta na hÉireann agus níos mó ná 4,000 scoil agus beagnach milliún mac léinn gníomhach ann. Creideann tuismitheoirí agus caomhnóirí sa chumas atá ag oideachas na hÉireann agus ag na múinteoirí a oibríonn inár scoileanna. Cuirtear muinín i múinteoirí leis an bhfreagracht mhór atá orthu araon as cabhrú lena gcuid daltaí a ullmhú don saol mar shaoránaigh a bhfuil oideachas orthu agus as a n-acmhainneacht dhearfach iomlán mar dhaoine a bhaint amach. I measc phríomhspríocanna na Comhairle tá gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus caighdeán do ghairme a chothabháil agus a fheabhsú ionas go leanfaidh sí den ionchur dearfach sin. Agus an méid sin á dhéanamh aici, freastalaíonn an Chomhairle ar leas an phobail, agus ag an am céanna tacaíonn sí agus cuireann sí le cáil na gairme. Is ar thrí fhondúireacht atá sé caighdeán a choinneáil in aon ghairm: na caighdeáin iontrála sa ghairm a leagan síos; a chinntiú go gcoinníonn baill na gairme na caighdeáin sin ar feadh a ngairmréime agus go ndéileálfadh siad le feidhmiúlacht chun múineadh ar bhealach atá cothrom, láidir agus trédhearcach do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do na páirtithe ábhartha go léir. Tá an Chomhairle freagrach as gach gné díobh seo de ghairm na múinteoireachta.

Tóg an t-am le do thoil chun an lámhleabhar seo a léamh. Leagtar amach ann feidhmeanna na Comhairle i dtéarmaí leathana, agus cuireann sé treoir ar fáil maidir le príomhnósanna imeachta, lena n-áirítear an próiseas bliantúil um athnuachan clárúcháin. Gheobhaidh tú eolas faoi ról na Comhairle Múinteoireachta ag teachingcouncil.ie

Ar deireadh, thar ceann na Comhairle, ba mhaith linn gach rath a ghuí ort i do ghairm, agus tá súil againn go mbeidh sé chomh saibhríthe agus chomh sásúil céanna duitse agus a bheidh ann do gach duine de do chuid mac léinn.

Le gach dea-mhéin/Kind regards

Dr Lynn Ramsey

Michelle Keane

Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht um chaighdeán ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta, a chuireann caighdeán ghairmiúla na múinteoireachta chun cinn agus a rialaíonn iad. Gníomhaíonn an Chomhairle ar mhaithe le leas an phobail agus ag an am céanna tacaíonn sí agus cuireann sí le caighdeán i ngairm na múinteoireachta. Tá a ról cosúil ar go leor bealaí le comhlachtaí rialála gairmiúla eile ar nós Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann agus Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Tá 37 gcomhalta sa Chomhairle, ar múinteoirí iad 22 acu agus tugtar cumhacht di de réir an dlí chun:

- caighdeán a leagan síos maidir le dul isteach i ngairm na múinteoireachta
- Clár Múinteoirí a chothabháil
- riachtanais oideachais ghairmiúil a bhunú do mhúinteoirí
- cód iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil, lena n-áireofar caighdeán mhúinteoireachta, eolais, scileanna agus inniúlachta,
- gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil
- gearáin faoi mhúinteoirí cláraithe a imscrúdú.

Ó bunaíodh í in 2006, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle i ngach ceann dá feidhmeanna. Féach Agusín 2 den lámhleabhar seo chun tuilleadh sonraí a fháil.

Tá roinnt d'fheidhmeanna na Comhairle fós le tosú ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear Alt 39 a bhaineann le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL).

Sa chomhthéacs seo, d'fhoilsigh an Chomhairle Cosán, an Creatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí. Ina dhiaidh sin, bhí Cosán ina ábhar do phróiseas forbartha, áit a raibh múinteoirí i gceannas ar chomhrá ar an gcuma a bheadh ar Cosán i gcleachtas.

I mí Dheireadh Fómhair, 2021, sheol an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais **Plean Gníomhaíochta Cosán** go foirmiúil. Is é atá sa phlean sin ná aistriú Cosán go céim fáis agus leagtar amach ann ról na bpríomhsheirbhísí tacaíochta chun tacú leis an aistriú sin.

Tá an Chomhairle ag tnúth le tús a chur lena cuid feidhmeanna go léir, ionas go mbeidh sí in ann a ról reachtúil a bhaint amach go hiomlán.

Téarmaíocht

Múinteoir Cláraithe

Tagraíonn 'múinteoir cláraithe' do gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear múinteoirí faoi oiliúint atá cláraithe faoi Bhealach 5.

Sainmhíniú ar Mhúinteoir Nuacháilithe

Sainíonn an Chomhairle múinteoir nuacháilithe" nó "MNC" mar mhúinteoir a chomhlíonann riachtanais na Comhairle ó thaobh cáilíochta de faoi Bhealach 1, 2 nó 4 den Sceideal ach nach bhfuil an tréimhse chleachtas ghairmiúil is gá curtha

I gcrích aige nó aici, lena n-áirítear múinteoir a fuair iontráil ar an gclár trí Bhealach 5 den Sceideal agus a chríochnaigh an clár creidiúnaithe in oideachas múinteoirí ar ina leith a cláraíodh é nó í ó shin

Clárú faoi réir coinníollacha

Deonaítear clárú faoi réir coinníollacha (clárú coinníollach) nuair nach bhfuil ceanglais chlárúcháin uile na Comhairle comhlíonta ag iarratasóir ar chlárúcháin. Má dheonaítear clárú coinníollach, cuirfidh an Chomhairle an múinteoir ar an eolas faoi na coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm, faoi na bearta is gá chun iad a chomhlíonadh agus faoin tréimhse ama nach mór iad a chomhlíonadh. Déanfar coinníollacha a thairfeadh ar Chlár na Múinteoirí agus ar Theastas Clárúcháin an mhúinteora.

Is féidir le múinteoir rochtain a fháil ar a s(h)onraí clárúcháin, lena n-áirítear coinníollacha ar Mo Chlárú ar www.teachingcouncil.ie.

Tar éis clárúcháin tosaigh, eisítear Deimhniú Clárúcháin do mhúinteoirí ina luaitear aon choinníollacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Go ginearálta, tagann na coinníollacha faoi dhá chatagóir:

1. **Coinníollacha Cleachtas Ghairmiúil Iarcháilíochta (e.g. Droichead)**
2. **Coinníollacha Eile.**

Nuair a chláraíonn múinteoir den chéad uair, féadfar coinníoll amháin nó meascán de na coinníollacha seo a leanas a thabhairt dó/di le dáta éaga ar leith, go hiondúil trí bliana ó dháta an chlárúcháin tosaigh.

Ó am go ham is féidir leis an gComhairle múinteoirí a chlárú le coinníollacha eile. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an Chomhairle faisnéis shonrach ar fáil don mhúinteoir ar chlárúcháin.

Múinteoirí Bunscoile

1. Droichead
2. Easnamh Cháilíochta (QS)
3. Riachtanas na Gaeilge (ILR)

Múinteoirí Iar-bhunscoile

1. Droichead
2. Easnamh Cháilíochta (QS)
3. Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (H&S)

Múinteoirí Breisoideachais

1. Cáilíocht d'Oideachas Múinteoirí (TEQ)

Mínítear gach ceann de na coinníollacha seo ar na leathanaigh seo a leanas.

Coinníollacha cleachtais ghairmiúil iarcháilíochta

Droichead (Bunscoil & Iar-bhunscoil)

Cad is Droichead ann?

Is é Droichead an próiseas ionduchtúcháin gairmiúil comhtháite do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna) agus do mhúinteoirí nach bhfuil an tréimhse riachtanach den chleachtas gairmiúil curtha i gcrích acu roimhe seo. Baineann sé go bunúsach le turas gairmiúil an mhúinteora. Cuid lárnach den phróiseas is ea rannpháirtíocht múinteora le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu, agus machnamh ar na comhráite gairmiúla a bhíonn ar siúl maidir lena c(h)uid foghlama agus a c(h)leachtadh gairmiúil féin. Ghlac an Chomhairle leis an tsamhail mar bheartas in 2016. Ón mbliain acadúil 2020/2021 is é Droichead an t-aon bhealach ionduchtúcháin do gach MNC bunscoile agus iar-bhunscoile.

Is féidir tús a chur le Droichead beag beann ar na coinníollacha ar nós an Riachtanas Gaeilge. Ós rud é gur próiseas comhtháite ionduchtúcháin é Droichead, comhlíonann cur i gcrích phróiseas Droichead na coinníollacha traidisiúnta Ceardlann Promhaidh, Fostaíochta Iarcháilíochta agus Ionduchtaithe. Bíonn Droichead ar siúl laistigh de gach bliain acadúil agus bíonn ar mhúinteoirí an próiseas a chur i gcrích laistigh den tréimhse ama sin.

An próiseas Droichead

Tá dhá phríomhshnáithe sa phróiseas Droichead, agus ní mór an dá cheann a chur i gcrích:

Snáithe A

Is éard atá sa chéad snáithe ná ionduchtú scoilbhunaithe ina bhfaigheann an MNC tacaíocht ó fhoireann comhghleacaithe a bhfuil taithí acu, ar a dtugtar an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (PST). Cuimsíonn sé tuairimí, plé gairmiúil agus Taisce (portfóilió) agus cuirtear i gcrích é le linn tréimhse teagaisc leanúnaigh. Ní mór do mhúinteoir bunscoile bloc fostaíochta nach lú ná 60 lá scoile as a chéile a chríochnú i suíomh incháilithe, ag múineadh gach réimse de Churaclam na Bunscoile do rang príomhshrutha daltaí (aonghrád nó ilghrád) don lá scoile ar fad. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh MNC Droichead a chur i gcrích i ról múinteoireachta oideachais speisialta e.g. tacaíocht foghlama/tacaíocht teanga/teagasc acmhainní.

Ní mór do mhúinteoir iar-bhunscoile bloc d'fhostaíocht mhúinteoireachta nach lú ná 200 uair an chloig a chur i gcrích i suíomh incháilithe, lena n-áirítear ábhar nó ábhair churaclaim iar-bhunscoile a theagasc chuig rang ainmnithe ar amchlár na scoile, nó fostaíocht i bpost teagaisc oideachais speisialta, amhail tacaíocht foghlama/tacaíocht teanga/teagasc acmhainní.

Snáithe B

Tá an dara snáithe comhdhéanta de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise, lena n-áirítear freastal ar chnuaschruinnithe MNC (1 in aghaidh an téarma ar feadh thréimhse phróiseas Droichead an MNC) agus gníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile a bhaineann le riachtanais an MNC.

Conas iarratas a dhéanamh ar Droichead

Is féidir iarratas a dhéanamh chun an próiseas Droichead a chur i gcrích trí limistéar tairsí na Comhairle Múinteoireachta. Chun rochtain a fháil ar an limistéar tairsí, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta - www.teachingcouncil.ie - agus roghnaigh “Logáil isteach / Mo Chláru”. Nuair atá tú logáilte isteach i do chuntas tairsí, roghnaigh “Mo Choinníollacha” agus ansin an cnaipe “Féach Sonraí” i gcoinne do choinníoll Droichead.

Chun a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar Droichead ní mór duit tairiscint fostaíochta/conartha a bheith faighte agat ó scoil atá oilte chun próiseas Droichead a sheachadadh. Ní mór don fhostaíocht a bheith i suíomh incháilithe a chomhlíonann nó a sháraíonn an tréimhse ama riachtanach. Ní mór iarratas a dhéanamh chun Droichead a chomhlánú laistigh de 5 lá oibre ó thús a chur le fostaíocht inríofo.

Sula ndéanann tú iarratas ar Droichead, tá sé riachtanach duit:

1. dul i gcomhairle le do Phríomhoide agus a chinntiú go bhfuil a c(h)ead agat, agus go bhfuil sé/sí sásta cabhrú leat tríd an bpróiseas trí bheirt ar a laghad de Bhaill d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla oilte (PSTanna) dá c(h)uid féin a chur ar fáil. De rogha air sin, is féidir le do Phríomhoide teagmháil a dhéanamh leis an gClár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) chun samhail sheachtrach PST nó samhail idir scoile a shocrú, chun oibriú i gcomhar le chéile chun tacú leat agus tú a mheantóireacht le linn do phróiseas Droichead. Is féidir sonraí teagmhála an CNIM a fháil ar www.teacherinduction.com. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir leat tús a chur le Droichead go dtí go mbeidh an chéad dá lá dá n-oiliúint PST críochnaithe ag d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla leis an CNIM. Ní féidir do phróiseas Droichead a thabhairt chun críche ach amháin nuair a bheidh gach lá riachtanach dá n-oiliúint PST críochnaithe ag do PST (i.e., tá siad lánoilte) agus tá tú ag gabháil do gach gníomhaíocht ionduchtaithe agus foghlama gairmiúla scoilbhunaithe.
 2. **Alt 2 den doiciméad Nósanna Imeachta agus Critéir Iarcháilíochta** a léamh agus a thuiscint ionas go mbeidh tú go hiomlán ar an eolas faoin bpróiseas Droichead agus faoin méid is gá duit a dhéanamh chun é a chur i gcrích. Is féidir teacht ar an doiciméad seo faoi “Foilseacháin” ar www.teachingcouncil.ie.
 3. na **Socruithe Idirthréimhseacha** a a léamh, a fhoilsítear gach bliain agus ina leagtar amach solúbthacht a tugadh isteach chun tacú leis an bpróiseas do mhúinteoirí, scoileanna agus PST. Is féidir teacht ar an gcáipéis seo faoi “Foilseacháin” ag www.teachingcouncil.ie
- A luaithe is a ghlacfar leat ar an bpróiseas Droichead,

gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta ina mbeidh do dháta tosaigh Droichead san áireamh. Ní chóir duit tús a chur le do phróiseas Droichead go dtí go bhfaighidh tú an ríomhphost seo. Tá cóip den ríomhphost deimhnithe ag teastáil ó do PST chun tús a chur leis an bpróiseas. Beidh cóip ag teastáil ón CNIM freisin chun freastal ar chnuaschruinnithe.

An coinníoll Droichead a bhaint den chlárú

Nuair a bheidh an dá shnáithe den phróiseas Droichead curtha i gcrích, ní mór duitse agus do gach ball de do PST Foirm Droichead D ar líne a chomhlánú. Is féidir leat Foirm D Droichead a chomhlánú ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta. Chun rochtain a fháil ar an limistéar tairsí, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta - www.teachingcouncil.ie - agus roghnaigh “Logáil isteach/ Mo Chlárú”. Nuair atá tú logáilte isteach i do chuntas tairsí, roghnaigh “Mo Choinníollacha” agus ansin an cnaipe “Féach Sonraí” i gcoinne do choinníoll Droichead. Feicfidh tú rogha ansin d'Fhoirm D Droichead a chomhlánú. Nuair a fhaightear í agus má tá gach rud in ord, cuirfidh an Chomhairle deireadh le coinníoll Droichead agus coinníollacha cleachtas gairmiúil iarcháilíochta eile de réir mar is cuí. Tabhair do d'aire go bhféadfaidh an Chomhairle an fhaisnéis a cuireadh isteach ar an bhFoirm D a fhíorú leis an scoil, le comhaltaí PST nó le gníomhaireachtaí/comhlachtaí eile.



Doiciméad Tábhachtach: Tugann an cháipéis Socruithe Idirthréimhseacha eolas tábhachtach do mhúinteoirí maidir le solúbthachtaí a tógadh isteach sa phróiseas Droichead. Tá sé ríthábhachtach go háirithe do mhúinteoirí a bhogann idir Droichead agus na próisis thraidisiúnta; agus do mhúinteoirí Bunscoile atá ag gabháil do chonarthaí comhroinnte poist nó do chonarthaí páirtaimseartha ar feadh ré na bliana acadúla iomláine. Foilsítear an cháipéis seo roimh an scoilbhliain nua. Féach, le do thoil, www.teachingcouncil.ie

Coinníollacha clárúcháin eile

Riachtanas na Gaeilge (ILR) (Bunscoil)

Má chríochnaíonn iarratasóir ar chlárú clár oideachais tosaigh múinteoirí sa bhunoideachas lasmuigh d'Éirinn*, clárófar é/í le coinníoll ar a dtugtar Riachtanas na Gaeilge (ILR).

Chun deireadh a chur leis an mbail, ní mór dó/di a c(h)umas I dteagasc na Gaeilge agus réimse na n ábhar curaclaim bunscoile a léiriú trí mheán na Gaeilge. Tugtar an rogha do mhúinteoirí atá cláraithe le coinníoll ILR a n-inniúlacht sa Ghaeilge a léiriú agus I dteagasc na Gaeilge i mbunscoileanna trí Thriail Inniúlachta nó Tréimhse Oiriúnaithe. Ní mór d'iarratasóirí a roghnaíonn an rogha maidir le Tréimhse Oiriúnaithe tréimhse fostaíochta/socrúcháin 120 lá réamshocrúithe ar a laghad a bheith acu, inar féidir leo a gcumas a léiriú chun an riachtanas seo a chomhlíonadh.

Cuireann Institiúid Oideachais Marino Trialacha Inniúlachta faofa agus Tréimhsí Oiriúnaithe faoi mhaoirseacht ar fáil do mhúinteoirí faoina gclár An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (S.C.G.) agus an Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (O.C.G.). Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.ilrweb.ie.

Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (H&S) (Iar-bhunoideachas)

Má chríochnaíonn iarratasóir ar chlárú clár oideachais tosaigh múinteoirí san iar-bhunoideachas lasmuigh d'Éirinn, tá ceanglas air/uirthi Triail Inniúlachta nó Tréimhse Oiriúnaithe I Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (H&S) a chomhlánú agus pas a fháil ina leith. Reáchtáilann an Chomhairle Mhúinteoireachta an triail ar líne saor in aisce roinnt uaireanta sa bhliain.

Soláthraíonn an Chomhairle na doiciméid agus na hábhair staidéir go léir. Is féidir teacht ar dhátaí scrúdaithe agus ar shonraí áirithe ar ár suíomh gréasáin www.teachingcouncil.ie nó ar na Coinníollacha nuair atá múinteoir logáilte isteach ina gcuntas MyRegistration.

Cáilíocht Oideachas Múinteoirí (TEQ) (Breisoideachas)

Is féidir le hiarratasóir i mBealach 3 (Breisoideachas) a bheith cláraithe leis an gcoinníoll maidir le Cáilíocht Oideachais Múinteoirí (TEQ) mura bhfuil TEQ de chuid na Comhairle Múinteoireachta creidiúnaithe críochnaithe aige/aici. Tugtar clárú coinníollach ar feadh tréimhse trí bliana agus ní mór an ceanglas seo a chur i gcrích le linn na tréimhse sin. Tá liosta de na cláir chreidiúnaithe le fáil ar ár suíomh gréasáin.

Easnamh Cháilíochta (QS) (Bunoideachas & Iar-bhunoideachas)

Is iondúil go gcuirtear an coinníoll clárúcháin do Easnamh Cháilíochta (QS) i bhfeidhm tar éis measúnú cáilíochta a dhéanamh, maidir le múinteoirí a cháiligh lasmuigh d'Éirinn.

Má sainaithníodh easnamh i gcáilíochtaí iarratasóra (cáilíochtaí fochéime nó oideachais múinteoirí) cuirtear na heasnamh sin in iúl don iarratasóir agus cuirtear in iúl dó/di an tréimhse ama ar laistigh di nach mór aghaidh a thabhairt air/uirthi (trí bliana ó dháta an chlárúithe de ghnáth).

Tugtar aghaidh go coitianta ar easnamh cháilíochta trí mhodúl, cúrsa nó scrúdú formheasta (trial inniúlachta), nó tréimhse cleachtais faoi mhaoirseacht (tréimhse oiriúnaithe) a chur i gcrích, b'fhéidir i gcomhar le cúrsa forordaithe staidéir bhreise.

Fianaise ar Choinníollacha Carachtair (ECP)

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárú fianaise a chur ar fáil go bhfuil gur daoine cuí oiriúnacha iad le go nglacfaí leo isteach sa Chlár:

- an rannán Measúnú Oiriúnacht Duine den fhoirm iarratais ar chlárú ar líne a chomhlánú agus
- iarratas a dhéanamh ar nochtadh grinnfhiosrúcháin tríd an gComhairle
- imréiteach póilíní thar lear a sholáthar (más infheidhme)

Féadfaidh Painéal na Comhairle um Fhianaise ar Charachtar ("an Painéal") tuilleadh fianaise a iarraidh freisin chun a chinneadh gur duine cuí oiriúnach é/í iarratasóir lena ligean isteach sa Chlár. Féadfaidh an Painéal, ar bhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a chuirfidh an t-iarratasóir ar fáil, a chinneadh clárú a dheonú faoi réir coinníollacha.

* (cé is moite den Teastas Iarchéime san Oideachas (PGCE) trí mheán na Gaeilge, nó an cúrsa acadúil ceithre bliana sa Ghaeilge i gColáiste Mhuire, Béal Feirste)

Bealach 5 - Múinteoirí faoi oiliúint

Rinne an tAire Oideachais, in éineacht le Cathaoirleach agus Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, leasú ar Rialacháin Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta a fhaomhadh agus a shíniú ina dhlí i mí na Nollag 2021. Cuireann an leasú seo ar chumas múinteoirí faoi oiliúint a bhfuil an chéad dá bhliain de cháilíocht Oideachais Tosaigh Múinteoirí (bunoideachais agus iarbhunscoile) creidiúnaithe curtha i gcrích acu in Éirinn iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 5 – Múinteoirí faoi Oiliúint.

Tá clárú faoi Bhealach 5 faoi réir na gceithre choinníoll seo a leanas:

1. Beidh ort fanacht i do mhac léinn cláraithe ar an gclár creidiúnaithe in oideachas múinteoirí ar ina leith a rinne tú iarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta go dtí go mbeidh an clár sin críochnaithe go rathúil.
2. Ní féidir leat tabhairt faoi mhúinteoireacht ach amháin ar bhonn ionadach go dtí go mbeidh an clár creidiúnaithe in oideachas múinteoirí curtha i gcrích go rathúil ar ina leith a bhí tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
3. Ní mór duit páirt iomlán a ghlacadh sa chlár creidiúnaithe in oideachas múinteoirí go dtí go mbeidh an clár sin curtha i gcrích go rathúil agat.
4. Ní mór duit cleachtas gairmiúil maoirsithe mar atá leagtha síos ag an gComhairle a chur i gcrích laistigh de thréimhse 3 bliana ón dáta ar cuireadh an clár creidiúnaithe in oideachas múinteoirí i gcrích go rathúil.

Is féidir clárú coinníollach a dheonú ar feadh 1, 2 nó 3 bliana ag brath ar do bhliain staidéir agus ar fhad na cáilíochta. Ní féidir clárú faoi Bhealach 5 ach amháin nuair a fhanann tú i do mhac léinn ar cháilíocht chreidiúnaithe bunscoile/iarbhunscoile.

Nuair a chríochnaíonn tú do cháilíocht oideachais múinteoirí bunscoile nó iar-bhunscoile, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcomhlánóidh tú d'iarratas MNC go pras chun do chlárúcháin a chothabháil.

Nuair a chláraíonn tú faoi Bhealach 1 nó faoi Bhealach 2, is féidir leat iarratas a dhéanamh ansin chun Droichead a chomhlánú, próiseas comhtháite ionduchtúcháin ghairmiúil na Comhairle.



Achomharc a dhéanamh ar choinníoll clárúcháin

Sa chás go bhfuil coinníollacha curtha i bhfeidhm ag Painéal na gCáilíochtaí nó ag an bPainéal Fianaise ar Charachtar, féadfaidh an múinteoir athbhreithniú ar chinneadh na Comhairle a iarraidh laistigh de 21 lá ó dháta an chinnidh sin. Féach ar an bPróiseas Athbhreithnithe Clárúcháin atá ar fáil ar www.teachingcouncil.ie.

Sa chás nach n-athraíonn athbhreithniú den sórt sin cinneadh na Comhairle coinníollacha a chur i bhfeidhm, féadfaidh iarratasóir iarratas a dhéanamh chuig an Ard Chúirt chun an cinneadh chun múinteoir a chlárú le coinníollacha clárúcháin faoi Alt 31(8) d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta a neamhniú.

Dátaí éaga ar choinníollacha

Cé go ndeonaítear clárú ar feadh bliain amháin, de ghnáth cuirtear coinníollacha i gceangal leis seo ar feadh uastréimhse trí bliana ag an gcéad chlárúcháin. Tugann sé seo dóthain ama don mhúinteoir aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha aitheanta.

Mura dtéitear i ngleic go sásúil le coinníollacha laistigh den tréimhse shainithe, d'fhéadfadh sé go rachadh an clárú i léig. Mar mhalairt air sin, is féidir le múinteoir síneadh a iarraidh má tá cúinsí maolaitheacha ann.

Iarratas ar shíneadh a chur le tréimhse chlárúcháin choinníollaigh

Mura bhfuil múinteoir cláraithe in ann na riachtanais a bhaineann le coinníoll clárúcháin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse a cheadaítear, is féidir leis an múinteoir iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ar shíneadh ama. Tá eolas maidir le clárú coinníollach agus iarratas ar shíneadh a chur isteach ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie. Beidh ar an múinteoir na deacrachtaí agus/nó na cúinsí maolaitheacha a chuireann cosc ar na bearta riachtanacha a chríochnú sa tréimhse shonraithe a leagan amach. Breithneoidh an Chomhairle iarrataí den sórt sin trí thagairt a dhéanamh don choinníoll clárúcháin, don dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le ceanglais an choinníll a chomhlíonadh, agus don obair atá fós le cur i gcrích.

Déantar gach iarratas ar shíneadh a mheas ar a fhiúntas féin. Is iondúil go ndeonaítear síntí ar na cúiseanna seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

- breoiteacht fhada, a chuireann cosc ar mhúinteoir oibriú, nó breoiteacht thromchúiseach garghaol i gcás inar ghníomhaigh an múinteoir mar chúramóir
- breoiteacht fhada, a chuireann cosc ar mhúinteoir oibriú, nó breoiteacht thromchúiseach garghaol i gcás inar ghníomhaigh an múinteoir mar chúramóir
- bás ball teaghligh nó cleithiúnaithe
- saoire mháithreachais, atharthachta, uchtaíocht nó neamhíochta
- níl an fostaíocht is gá faighte ag an múinteoir chun coinníoll a chomhlíonadh
- taisteal nó fostaíocht choigríche fhadtéarmach lasmuigh d'Éirinn, agus
- tá clár nó cáilíocht oideachais lánaimseartha bainte amach ag an múinteoir.

Ba cheart iarratais ar fhadú a dhéanamh ar a laghad sé mhí roimh dháta éaga an choinníll, ach tráth nach déanaí ná sé mhí. Ní mór do mhúinteoirí atá ag iarraidh iarratas ar shíneadh ama a chur isteach é sin a dhéanamh ar líne trí logáil isteach ina gcuntas Clárúcháin. Beidh fianaise dhoiciméadach ag teastáil chun tacú le hiarratas ar shíneadh ama.

Cliseadh ar choinníoll clárúcháin a chomhlíonadh

Tá sé de fhreagracht ar mhúinteoir atá cláraithe le coinníollacha a chur in iúl don Chomhairle go bhfuil riachtanais an choinníll comhlíonta roimh an dáta éaga. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbeidh múinteoir in ann a chlárúcháin a athnuachan go dtí go mbeidh aon choinníoll/coinníollacha atá fós gan réiteach faighte aige/aici trí fhianaise ar chríochnú nó iarratas ar shíneadh ama a chur isteach. Má iarrtar iarratas ar shíneadh, ní mheasfar an clárú a bheith bailí go dtí go mbeidh an t-iarratas formheasta ag an gComhairle, féach leathanach 13 den lámhleabhar seo le haghaidh faisnéise faoi Athnuachana.

Sa chás go dteipeann ar mhúinteoir cláraithe na riachtanais a bhaineann le coinníoll clárúcháin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse shonraithe, agus nár iarr nó nár deonaíodh síneadh ama dó/di, rachaidh a c(h)lárú i léig. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh an múinteoir cláraithe níos faide agus ní féidir leis/léi tuarastal atá maoinithe ag an Stát a fháil.

Athiontráil isteach sa Chlár

Má tá clárú múinteora imithe in éag agus gur mian leis/léi cead isteach arís sa Chlár, beidh feidhm ag forálacha Alt 31(5) d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta. Séard a bheidh i gceist le seo ná foirm iarratais ar chlárú agus í comhlánaithe go hiomlán a chur isteach, lena n-áirítear fianaise ar charachtar, grinnfhiosrúchán an Bhiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, imréiteach póilíní thar lear más gá, tras-scríbhinní cáilíochta (murar cuireadh isteach cheana iad), an táille chlárúcháin agus aon riachtanais chlárúcháin ábhartha eile arna gcinneadh ag an gComhairle.

D'fhéadfadh sé nach ligfí isteach arís múinteoir atá ag iarraidh cead isteach sa Chlár arís (tar éis nár chomhlíon sé/sí coinníoll clárúcháin) ach amháin má chomhlíontar riachtanais an choinníll/na gcoinníollacha a sonraíodh ar dtús.

I gcásanna ina mbaineann múinteoir atá cláraithe go coinníollach é/í féin den Chlár go deonach agus go n iarrann sé/sí é/í a athiontráil isteach sa Chlár ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí cothromaíocht na tréimhse ama a deonaíodh ar dtús a thabhairt don mhúinteoir sin chun riachtanais an choinníll/na gcoinníollacha a chomhlíonadh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh iarratas ar athiontráil isteach sa Chlár faoi réir na bpróiseas agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm tráth an iarratais.

Rochtain a fháil ar mo shonraí clárúcháin

Is féidir le múinteoirí cláraithe logáil isteach, a gcuid sonraí clárúcháin a fheiceáil agus a nuashonrú ar líne. Tugtar Mo Chlárú ar an áis seo agus tá sé ar fáil ar <https://mytc.teachingcouncil.ie/Site-Login>. Beidh ar mhúinteoirí a úsáideann an tseirbhís seo den chéad uair a gcuntas tairsí Mo Chlárú a ghníomhachtú. Tá sonraí maidir le cuntas a rochtain/ gníomhachtú le fáil sna Ceisteanna Coitianta Mo Chlárú ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie.

Moltar do mhúinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid sonraí clárúcháin agus iad a thabhairt cothrom le dáta nuair is cuí, go háirithe má athraíonn siad seoladh, sonraí teagmhála nó fostaíochta. In Mo Chlárú, is féidir le múinteoir cláraithe:

- Déan iarratas ar Droichead
- a s(h)eoladh comhfhreagrais, a (h)uimhir theileafóin/a huimhreacha teileafóin agus a s(h)eoladh/seoltaí ríomhphoist, a nuashonrú
- a chlárú/a clárú a athnuachan
- féadfaidh sé/sí údarú a thabhairt do phámháistir a c(h)áilíochtaí agus a s(h)onraí clárúcháin a fheiceáil ar líne
- a shonraí/a sonraí fostaíochta a nuashonrú (scoil, cineál na fostaíochta)
- Deimhniú Clárúcháin a phriontáil
- glacadh/ gan glacadh le ríomhphoist faisnéise na Comhairle Múinteoireachta
- Faigh rochtain saor in aisce ar an bpacáiste Foinse Oideachais (EBSCO). Is bailiúchán irisí é EBSCO, rogha ríomhleabhar, agus acmhainní tairbhí breise i réimse an oideachais.

Rochtain ag an bpobal ar an gClár

Éilíonn na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta ar an gComhairle Clár na Múinteoirí a fhoilsiú agus tá cinneadh déanta ag an gComhairle go bhfuil an fhoirm is inrochtana ar líne. Chuige sin, tá feidhm 'Cuardaigh an Chláir' curtha ar fáil ag an gComhairle agus tá sí ar fáil ó leathanach baile shuíomh gréasáin na Comhairle.

Ligeann an áis seo do bhaill den phobal a fháil amach an bhfuil múinteoir cláraithe trí chuardach a dhéanamh de réir ainm nó uimhir chlárúcháin. Tá an t-eolas a chuirtear ar fáil maidir le múinteoir cláraithe leagtha amach thíos agus tá sé i gcomhréir le reachtaíocht agus riachtanais an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS), mar a bhaineann sé le múinteoir go hiomlán ina c(h)umas gairmiúil:

- céadainm
- sloinne
- uimhir chlárúcháin
- stádas clárúcháin
- cineál aon choinníollacha clárúcháin arna bhforchur ar an mbealach clárúcháin
- an scoil ina bhfuil an múinteoir fostaithe (mar a cuireadh in iúl le déanaí), agus
- dáta clárúcháin.

Tús a chur le do ghairm múinteoireachta in Éirinn inniu — ba mhaith linn cloisteáil faoi do thaithí!

Tá cinneadh déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag an Roinn Oideachais staidéar fadama suntasach taighde a choimisiúnú le chéile chun imscrúdú a dhéanamh ar thurais ghairmiúla múinteoirí a thosú, agus ar na príomhthionchair phearsanta, oideachais, ghairmiúla agus chórasacha a shainíonn agus a mhúnlaíonn a luathghairmeacha beatha agus a gcleachtas. Beidh an taighde dírithe go príomha ar thaithí agus peirspictíochtaí múinteoirí ar a luathbhlianta laistigh den ghairm a thosú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hoideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú agus foghlaim ghairmiúil leanúnach. Roinnfear na torthaí de réir mar a thagann siad chun cinn thar thréimhse seacht mbliana an tionscadail, agus cuirfidh siad sin bonn eolais faoi bheartas na Roinne agus na Comhairle Múinteoireachta sna réimsí seo agus eile, d'fhonn a chinntiú go mbeidh an tús is fearr is féidir ag múinteoirí dá ngairmréim.

Táthar ag súil go seolfar an staidéar go foirmiúil níos déanaí in 2023, agus go mbeidh tuilleadh sonraí ar fáil go poiblí ag an am sin trí shuíomh gréasáin, ríomhíris, meáin shóisialta agus bealaí eile na Comhairle Múinteoireachta.

Grinnfhiosrúchán

Is ceanglas é faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 (Acht BNG) go ndéanfaidh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (BNG) grinnfhiosrúchán ar dhaoine a oibríonn le leanaí agus le daoine soghonta.

